## NA CAINTICÍ


1 Venite

2 Iubilate

3 Aintiúin na Cásca

4 Benedictus

5 Benedicite

6 Te Deum

7 Magnificat

8 Nunc Dimittis

9 Éachtach Agus Iontach

10 Urbs Fortitudinis

11 Slánaitheoir An Domhain

12 Beannaígí An Tiarna

13 Glóir agus Onóir

14 Amhrán Ghlóir Chríost

15 Amhrán Íseáia

16 Amhrán na hEagna

17 Ecce Nunc

18 Cantate Domino

19 Deus Miseratur

20 Amhrán an tSolais

## 1 VENITE *Salm 95*

1 Téanam agus canaimis don Tiarna; ●
déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe.

2 Druidimis ina láthair le haltú buíochais; ●
déanaimis pléaráca dó le hamhráin mholta.

3 Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna; ●
is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.

4 Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne, ●
agus is leis mar an gcéanna na hardsléibhte.

5 Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; ●
agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.

6 Téanam, go n-adharfaimis agus go sléachtfaimis; ●
feacam ár nglúine i láthair an Tiarna a chruthaigh sinn.

7 Óir is é ár nDia é, agus is sinne ●
pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe.

8 Á, dá n-eistfeadh sibh inniu lena ghlór: ●
“Ná cruaigí bhur gcroí mar a tharla i Miríbeá,
nó an lá úd ag Masá san fhásach

9 mar a ndearna bhur n-aithreacha mo phromhadh, ●
do mo thriail cé go bhfacadar mo bhearta.

10 Ar feadh daichead bliain ba ghráin liom an ghlúin sin ●
agus dúirt mé: ‘Is seachránach a gcroí siúd;
is pobal iad nach eol dóibh mo shlite.’

11 Ar an ábhar sin mhionnaigh mé i m’fhearg ●
nach rachaidís i mo shuaimhneas isteach go brách.”

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 2 IUBILATE *Salm 100*

1 Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile; ●
fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.

2 Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann. ●
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.

3 Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh. ●
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le caintící.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

4 Nach maith é go deimhin an Tiarna; ●
maireann a bhuanghrá go brách. Is dílis é ó ghlúin go chéile.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 3 AINTIÚIN NA CÁSCA

*1 Cor 5. 7b-8, Rómh 6.9-11, 1 Cor 15.20-22*

1 Tá Críost, ár n-uan Cásca, íobartha ar ár son. ●
Déanaimis an fhéile a cheiliúradh dá bhrí sin.

2 Ní leis an tseanghabháil é, le gabháil an oilc agus na hurchóide, ●
ach le harán slim an ionracais agus na fírinne.

3 Tá a fhios againn ó tógadh Críost ó mhairbh ●
nach bhfaighidh sé bás níos mó.

4 Níl aon cheannas ag an mbás air feasta, mar an bás a fuair sé,
ba bhás mar leis an bpeaca é, don aon uair amháin go deo, ●
ach is beatha do Dhia a bheatha feasta.

5 Ar an gcuma chéanna ní mór daoibhse a mheas
gur daoine sibh chomh maith ●
atá marbh don pheaca agus beo do Dhia in Íosa Críost.

6 Tá Críost éirithe ó na mairbh, ●
céadtoradh na muintire atá ina gcodladh.

7 Ós tríd an duine a tháinig an bás, ●
is tríd an duine a tháinig aiséirí na marbh fosta.

8 Faoi mar a fhaigheann gach duine bás in Ádhamh, ●
athbheofar gach duine chomh maith i gCríost.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 4 BENEDICTUS *Amhrán Zacharía. Lúcás 1: 68-79*

1 Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, ●
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;

2 agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar ●
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –

3 de réir mar a labhair ●
trí bhéal a naomhfháidh anallód –

4 mar shaoradh dúinn ónár naimhde ●
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,

5 ag déanamh trócaire mar sin ar ár sinsir, ●
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –

6 ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair – ●
go dtabharfadh sé dúinn,

7 tar éis ár saortha as láimh ár naimhde, ●
bheith ag seirbhís dó gan eagla,

8 i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair ●
gach lá dár saol.

9 Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde, ●
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthair,

10 ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal ●
trí mhaithiúnas a bpeacaí

11 de chionn trócaire chroí ár nDé ●
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,

12 chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis; ●
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 5 BENEDICITE *Amhrán an Triúir 35-65*

1 A oibreacha uile an Tiarna, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

2 A spéartha, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

3 A aingeala an Tiarna, beannaígí an Tiarna: ●
A chumhachta uile an Tiarna, beannaígí an Tiarna.

4 A uiscí atá os cionn na firmiminte, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

5 A ghrian agus a ghealach, beannaígí an Tiarna: ●
A réaltaí neimhe, beannaígí an Tiarna.

6 A cheathanna agus a dhrúcht uile, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

7 A ghaotha uile, beannaígí an Tiarna: ●
A thine agus a theas, beannaígí an Tiarna.

8 A fhuacht an gheimhridh agus a bhrothaill an tsamhraidh,
beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

9 A dhrúchta agus a fhlichshneachta, beannaígí an Tiarna: ●
A oícheanta agus a laethanta, beannaígí an Tiarna.

10 A sholais agus a dorchadais, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

11 A shioc agus a fhuacht, beannaígí an Tiarna. ●
A leac oighir agus a shneachta, beannaígí an Tiarna:

12 A thintreacha, agus a scamalla, beannaígí an Tiarna, ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

13 Beannaíodh an talamh an Tiarna: ●
Moladh sé é agus móradh sé go deo é.

14 A shléibhte agus a chnoca, beannaígí an Tiarna: ●
A ghlasra uile an talaimh, beannaígí an Tiarna.

15 A thoibreacha, beannaígí an Tiarna: ●
A fharraigí agus a thuilte, beannaígí an Tiarna.

16 A mhíola móra, agus gach a shnámhann san uisce,
beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

17 A éanlaith uile an aeir, beannaígí an Tiarna: ●
A bheithíocha agus a tháinte uile, beannaígí an Tiarna.

18 A chlanna na ndaoine, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

19 A phobail Dé, beannaígí an Tiarna: ●
A shagarta an Tiarna, beannaígí an Tiarna.

20 A shearbhóntaí an Tiarna, beannaígí an Tiarna: ●
Molaigí é agus móraigí go deo é.

21 A spiorada agus anamacha na bhfíreán, beannaígí an Tiarna: ●
A dhaoine chraifeacha atá umhal ó chroí, beannaígí an Tiarna.

22 Beannaígí an tAthair agus an Mac agus an Spiorad Naomh: ●
molaigí é agus móraigí go deo é.

## 6 TE DEUM

*Cuid a hAon*

1 Molaimid thú a Dhia: ●
admhaímid gur tusa an Tiarna;

2 Adhrann an talamh uile thú: ●
an tAthair síoraí.

3 Is chugatsa a cheolann na hAingil uile,
na Flaithis agus a bhfuil de chumhachtaí iontu ●
Is chugatsa a cheolann de shíor na cearúibím agus na searaifím,

4 Naofa, naofa, naofa an Tiarna, Dia na gcumhachtaí: ●
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.

5 Molann cuideachta ghlórmhar na n-aspal thú: ●
molann dea-chomhaltas na bhfáithe thú.

6 Molann arm glanuasal na mairtíreach thú: ●
an Eaglais naofa ar fud an domhain, admhaíonn sí thú.

7 An tAthair i do mhórgacht gan teorainn:
d'Aonmhac fírinneach fíor-onórach: ●
agus an Spiorad Naomh treoraí agus abhcóide.

*Cuid a Dó*

8 Is tú Rí na glóire, a Chríost. ●
Is tú an Mac síoraí ón Athair.

9 Nuair a ghabh tú ort ár gcorp le sinn a fhuascailt: ●
is í broinn na hÓighe a roghnaigh tú go humhal.

10 Rug tú bua ar gha an bháis: ●
agus chuir ríocht neimhe ar leathadh roimh lucht an chreidimh go léir.

11 Tá tú i do shuí i nglóir ar dheasláimh Dé: ●
creidimid go dtiocfaidh tú mar bhreitheamh orainn.

12 Tar mar sin, a Thiarna agus fóir ar do phobal, ●
a cheannaigh tú le luach d'fhola féin.

13 Tabhair i measc do naomh sinn ●
chun na glóire síoraí.

*Cuid a Trí*

14 Saor do phobal, a Thiarna, agus beannaigh d'oidhreacht: ●
bí á rialú, agus tabhair taca dóibh go brách.

15 Ó lá go lá beannaímid thú: ●
agus adhraimid d'ainm de shíor.

16 A Thiarna, coinnigh sinn ó gach peaca inniu: ●
A Thiarna, déan trócaire orainn: déan trócaire orainn.

17 A Thiarna, taispeáin dúinn do ghrá is do thrócaire: ●
ós asat atá ár muinín.

18 Asatsa, a Thiarna, atá ár muinín: ●
ná ligtear ár náiriú go brách.

## 7 MAGNIFICAT *Amhrán Muire Óigh Bheannaithe Lúcás 1. 46-55*

1 Mórann m'anam an Tiarna, ●
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

2 Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh; ●
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

3 Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom: ●
agus is naofa a ainm

4 Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin: ●
dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

5 Thaispeáin sé neart a láimhe: ●
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.

6 Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha: ●
agus d'ardaigh sé daoine ísle.

7 Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe: ●
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.

8 D’fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach: ●
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –

9 de réir mar gheall sé dár sinsir: ●
d’Abrahám agus dá shliocht go brách.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ● agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 8 NUNC DIMITTIS *Amhrán Shimeoin. Lúcás 2. 29-32*

1 Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna: ●
de réir d’fhocail, faoi shíocháin.

2 Mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil: ●
atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile.

3 Solas chun na náisiúin a shoilsiú: ●
agus glóir do phobal Iosrael.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 9 ÉACHTACH AGUS IONTACH *Apac 15.3-4 agus 5. 13b*

1 Is éachtach agus is iontach iad d’oibreacha,
a Thiarna Dia, a Uilechumhachtaigh: ●
is cóir agus is fíor do chasáin, a rí na gciníocha.

2 Cé hiad nach eagal leo thú, a Thiarna,
agus nach dtabharfaidh glóir do d’ainm: ●
óir is tú amháin is naofa.

3 Agus tiocfaidh na ciníocha uile agus sléachtfaidh romhat le hómós: ●
óir foilsíodh do bhreithiúnais.

4 Go raibh moladh agus onóir agus glóir agus cumhacht ●
don té atá ina shuí sa ríchathaoir agus don Uan
ar feadh na síoraíochta. Áiméan.

## 10 URBS FORTITUDINIS *Íse 26 1-4, 7, 8*

1 Tá baile daingean againn: ●
leag Dia amach bábhún agus forbhalla dár ndídean.

2 Osclaígí na geataí: ●
isteach leis an bpobal fíréanta a choimeádann an fhírinne.

3 Iad sin a sheasann lena ngealltanas, atá bunúsach ó chroí: ●
a choinníonn tú sa tsíocháin, óir is asatsa atá a muinín.

4 Bíodh bhur muinín as an Tiarna go deo: ●
óir is é an Tiarna an charraig shíoraí.

5 Is díreach bealach na bhfíréan; ●
tú ata ionraic, réitíonn tú bóthar díreach do na fíréin.

6 Is ea, ar bhealach do chuid breithiúnas táimid ag fanacht leat, a Thiarna: ●
is é d’ainm agus do chuimhne tnúthán ár n-anama.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 11 SLÁNAITHEOIR AN DOMHAIN

*Fóirsteanach do shéasúir aithreachais*

1 A Íosa, Slánaitheoir an domhain,
tar chugainn faoi do thrócaire: ●
táimid ag brath ort chun ár sábháil agus chun fóirithint orainn.

2 Shaor tú do phobal trí do chros agus trí do bheatha a thug tú ar ár son, ●
táimid ag brath ort chun ár sábháil chun fóirithint orainn.

3 Agus iad ar bhruach an bháis, shábháil tú do dheascabail; ●
táimid ag brath ort teacht chun fóirithint orainn.

4 Trí do mhórthrócaire, scaoil uainn na slábhraí: ●
maith dóibh peacaí do phobail uile.

5 Cuir tú féin in iúl mar Shlánaitheoir againn
agus Fuascailteoir tréanlámhach: ●
Sábháil sinn agus fóir orainn go molaimis thú.

6 Tar anois agus cónaigh linn, a Thiarna Íosa Críost: ●
éist lenár n-urnaí, agus fan againn a choíche.

7 Agus nuair a thagann tú faoi do ghlóir: ●
déan mar aon leat sinn,
chun a bheith rannpháirteach i saol do ríochta. Áiméan.

## 12 BEANNAÍGÍ AN TIARNA. *Amhrán an Triúir. 29-34*

1 Is beannaithe, a Thiarna, Dia ár n-aithreacha, ●
le moladh agus le glóiriú de shíor.

2 Is beannaithe é do naomhainm uasal, ●
le moladh agus le glóiriú de shíor.

3 Is beannaithe thú i dteampall do naomhghlóire, ●
le móradh agus le mórghlóiriú go deo.

4 Is beannaithe thú ag iniúchadh na nduibheagán, ●
le moladh go hard agus le móradh go deo.

5 Is beannaithe thú i do shuí ar na ceiribíní: ●
le móradh agus le mórghlóiriú de shíor.

6 Is beannaithe thú i gcathaoir ríoga do fhlaithis, ●
le móradh agus le mórghlóiriú de shíor.

7 Is beannaithe thú i bhfirmimint neimhe, ●
le hadhmholadh agus le mórghlóiriú go deo.

8 Is beannaithe an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh: ●
le hadhmholadh agus le mórghlóiriú go deo.

## 13 GLÓIR AGUS ONÓIR. *Apac 4.11, agus 5.9, 10.13b*

1 Is fiú thú glóir agus onóir agus cumhacht a fháil: ●
a Thiarna agus a Dhia linn.

2 Óir is tú a chruthaigh an uile ní: ●
agus is trí do thoil a tháinig siad ann.

3 Is fiú thú glóir agus onóir agus cumhacht a fháil: ●
A Uain a fuair bás ar ár son;

4 Óir d'fhuascail tú sinn do Dhia le d'fhuil: ●
as gach treibh, agus teanga, agus pobal, agus cine.

5 Chun ríocht sagart a dhéanamh dínn: ●
chun seasamh agus freastal os chomhair ár nDé.

6 Go raibh moladh agus onóir agus glóir agus cumhacht: ●
don té atá ina shuí sa ríchathaoir agus don Uan
ar feadh na síoraíochta. Áiméan.

## 14 AMHRÁN GHLÓIR CHRÍOST. *Fil 2. 6-11*

1 Bhí Íosa Críost i riocht Dé ó dhúchas: ●
níorbh éadáil leis bheith ar chomhchéim le Dia.

2 Lom sé é féin, agus chuir air riocht an sclábhaí: ●
agus tháinig chun bheith ina dhuine mar chách eile.

3 Agus ar theacht ann dó i gcló daonna, d'ísligh sé é féin: ●
agus bhí umhal go bás – go bás na croise féin.

4 Sin é an fáth ar ardaigh Dia thar na bearta é: ●
agus bhronn air an t-ainm úd atá os cionn gach ainm.

5 I dtreo nuair a luafaí ainm Íosa, go gcromfadh glúin gach neach: ●
dá bhfuil ar neamh agus ar talamh agus in ifreann.

6 Agus go ndearbhódh gach teanga, gurb é Íosa Críost an Tiarna: ●
in ómós do Dhia an tAthair. Áiméan.

## 15 AMHRÁN ÍSEÁIA *Íse 12.2-6*

1 Nach cinnte gurb é Dia mo shlánaitheoir: ●
beidh muinín agam agus ní bheidh mé eaglach níos mó.

2 Óir is é an Tiarna mo neart agus mo cheol; ●
is é mo shlánú é.

3 Agus beidh sibh ag tarraingt uisce go lúcháireach: ●
as toibreacha an tslánaithe.

4 Déarfaidh sibh an lá sin: ●
Tugaigí buíochas don Tiarna, glaoigí air ina ainm;

5 fógraígí a éachtaí i measc na náisiún: ●
meabhraígí gurb oirirc dá ainm.

6 Canaigí don Tiarna, óir tá iontais déanta aige; ●
ní mór iad a fhoilsiú ar fud an domhain iomláin.

7 Gáirigí le háthas agus liúirigí, sibhse a Shíón ríoga, ●
óir is mór le rá é in bhur measc Neach Naofa Iosrael.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 16 AMHRÁN NA hEAGNA *Eagna 7.26-8.1*

1 Scáil niamhrach an tsolais shíoraí is ea an eagna,
agus scáthán neamhtheimhlithe éifeachtúlacht Dé: ●
íomhá a mhaitheasa.

2 Níl inti féin ach aon ní amháin ach is féidir léi gach uile ní a dhéanamh: ●
fanann sí istigh inti féin, ach déanann sí gach uile ní a athbheochan.

3 I ngach uile ghlúin téann sí a chónaí in anamacha cráifeacha
agus déanann sí cairde Dé agus fáithe díobh: ●
Ní ghránn Dia dada ach an té a chónaíonn i bhfochair na heagna.

4 Is áille í ná an ghrian: ●
is gile í ná gach uile réaltbhuíon atá ann.

5 Má chuirtear i gcóimheas leis an solas féin í faightear níos lonraí í na é; ●
mar géilleann an solas don oíche.

6 Ní sháraíonn an t-olc an eagna choíche: ●
Leathann an eagna go láidir ó imeall go himeall na cruinne
agus riarann sí gach uile ní go maith.

Glóir don Athair, agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 17 ECCE NUNC *Salm 134*

1 Téanaigí agus molaigí an Tiarna, a sheirbhíseacha uile an Tiarna: ●
a bhíonn in bhur seasamh i dteach an Tiarna, i gcúirteanna theach ár nDé.

2 Tógaigí bhur lámha chun an tsanctóra, agus déanaigí an Tiarna a mholadh: ●
Go mbeannaí an Tiarna amach as Síón thú, is é a rinne neamh agus talamh.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 18 CANTATE DOMINO *Salm 98*

1 Canaigí amhrán úr don Tiarna, óir rinne sé éachtaí: ●
Le neart a dheasláimhe is a chuisle naofa, rug sé bua dó féin.

2 D'fhoilsigh an Tiarna a shlánú: ●
nocht sé a fhíréantacht do na náisiúin.

3 Chuimhnigh sé ar a bhuanghrá agus a dhílse do theaghlach Iosrael: ●
Chonaic críocha uile na cruinne slánú ár nDé.

4 Gairdigí sa Tiarna a thíortha uile: ●
agus nochtaigí bhur n-áthas dó.

5 Canaigí Salm don Tiarna leis an gcruit: ●
agus le fuaim na cláirsí.

6 Tógaigí gártha le fuaim stoic agus adhairce: ●
don Tiarna, ár Rí.

7 Bíodh an mhuir agus a bhfuil inti ag búiríl: ●
an domhan agus a maireann ann.

8 Bíodh na haibhneacha ag bualadh a mbos: ●
déanadh na sléibhte sult,

9 i bhfianaise an Tiarna atá ag teacht a rialú na cruinne: ●
Déanfaidh sé an domhan a rialú go cóir, agus na ciníocha go cothrom.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 19 DEUS MISEREATUR *Salm 67*

1 Bí trócaireach linn, a Thiarna, agus beannaigh sinn: ●
taispeáin dúinn solas do ghnúise.

2 Chun go n-aithneofaí do shlí ar talamh: ●
agus do shlánú i measc na náisiún go léir.

3 Go mola na ciníocha thú, a Dhia: ●
go mola na ciníocha go léir thú.

4 Go ndéana na náisiúin lúcháir agus gairdeas
toisc go rialaíonn tú na ciníocha le cothromas: ●
treoraíonn tú na náisiúin ar talamh.

5 Go mola na ciníocha thú, a Dhia: ●
go mola na ciníocha go léir thú.

6 Thug an talamh a thoradh uaidh go flúirseach: ●
agus chuir Dia, ár nDia, a bheannacht orainn.

7 Go mbeannaí ár nDia i gcónaí sinn: ●
agus gurab eagal le críocha na cruinne é!

Glóir don Athair, agus don Mhac, ●
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ●
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## 20 AMHRÁN AN tSOLAIS

1 A Sholais shoirbh a gineadh: ●
Ó ghlóir ghlan Athair Síoraí na soilse uile!
A Íosa Críost, Mac Dé beannaithe: ●
Solas ar an gcosán dá dtriallann abhaile!

2 Anois bíodh go bhfuineann an ghrian ar ár slí: ●
Tig linn, áfach, solas an tráthnóna a fheiceáil;
Agus ar a fheiceáil dúinn, tógaimid an t-iomann do Dhia: ●
Athair agus Mac agus Naomhspiorad diaga.

3 Is dual duit moladh gach tráth: ●
Ach tú a mholadh mar is cóir, a Mhic Dé.
Agus ós tú a thugann beatha do gach uile ní: ●
Dá bharr sin mórann an domhan d'Ainm.